na blianta i seirbhís ag institiúidí atá ar chomhchéim i dtíortha Eorpacha eile, os rud é go mbeartaítear go sainiúil leis an nós imeachta faoi chaibidil dul i ngleic le fostaíocht fhorbhásach san Iodáil? I gcás ina gcinneann an Chúirt Bhreithiúnas nach bhfuil reachtaíocht na hIodáile i gcontrárthacht, i dtéarmaí teibí, leis an gcreat rialála Eorpach, an bhféadtar a mheas go bhfuil na bearta dá bhforáiltear leis an reachtaíocht sin comhréireach, i dtéarmaí nithiúla, ag féachaint don chuspóir thuasluaite ar mhaithe le leas an phobail?

---

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saoirse ghluaiseachta d'oibrithe laistigh den Aontas (IO 2011 L 141, lch. 1).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón rechtbank Den Haag, zittingsplaats 's-Hertogenbosch (an Ísiltír) a taisceadh an 15 Meitheamh 2022 – X v Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid**

**(Cás C-392/22)**

(2022/C 359/35)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Rechtbank Den Haag, zittingsplaats 's -Hertogenbosch (an Ísiltír)

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* X

*Cosantóir:* Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. Ar chóir Rialachán Bhaile Átha Cliath, ([1]) ag féachaint d'aithrisí 3, 32 agus 39 de, agus arna léamh i gcomhar le hAirteagail 1, 4, 18, 19 agus 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontas Eorpaigh, a léiriú agus a chur i bhfeidhm i gcaoi nach bhfuil prionsabal an iontaoibhe idirstáit inroinnte, sa chaoi gurbh é an toradh a bheadh ar sháruithe dáiríre agus córasacha ar dhlí an Aontais arna dhéanamh ag Ballstáit a d'fhéadfadh a bheith freagrach astu, roimh aistrithe, maidir le náisiúnaigh de thríú tír nach fillithe de bhrí Rialachán Bhaile Átha Cliath (go fóill) iad, ná bac <u>iomlán</u> ar a n-aistriú chuig an Ballstáit sin?

2. Má thugtar freagra diúltach ar an gceist roimhe seo, ar chóir Airteagal 3(2) de Rialachán Bhaile Átha Cliath, arna léamh i gcomhar le hAirteagail 1, 4, 18, 19 agus 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontas Eorpaigh, a léiriú sa chaoi gurb é is ciall leis ná, má dhéanann an Ballstáit a d'fhéadfadh a bheith freagrach as sárú ar dhlí an Aontais i gcaoi dháiríre agus chórasach, nach féidir leis an mBallstáit a dhéanann an t-aistriú, de réir chreat Rialachán Bhaile Átha Cliath, brath go dall ar phrionsabal an iontaoibhe idirstáit agus nach mór dó gach amhras a dhíbhe nó a léiriú nach gcuirfear an t-iarratasóir i ndálaí atá i gcontrárthacht le hAirteagal 4 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh i ndiaidh an aistrithe?

3. Cén fhianaise ar féidir leis an iarratasóir a úsáid mar thaca lena áitimh go gcuireann Airteagal 3(2) de Rialachán Bhaile Átha Cliath bac ar a aistriú, agus cén caighdeán cruthúnais ar chóir a chur i bhfeidhm? I bhfianaise na dtagairtí do *acquis* an Aontais in aithrisí Rialachán Bhaile Átha Cliath, an bhfuil dualgas comhair nó fíoraithe ar an mBallstát a dhéanann an t-aistriú, nó, i gcás sáruithe dáiríre nó córasacha ar chearta bunúsacha de chuid náisiúnaigh tríú tír, an bhfuil sé riachtanach go bhfaighfí ráthaíochtaí ón mBallstáit a bheadh freagrach go léireofar meas (go cinnte) ar chearta bunúsacha an iarratasóra i ndiaidh a aistrithe? An bhfuil freagra éagsúil ar an gceist seo má tá easpa fianaise ag an iarratasóir a mhéid nach bhfuil sé in iúl tacú lena ráitis sheasmhacha agus mhionshonraithe le doiciméid, nuair nach féidir a bheith ag súil go ndéanfadh sé amhlaidh, i bhfianaise chineál na ráiteas?

4. An bhfuil freagra éagsúil ar na ceisteanna seo romhainn faoi III éagsúil má léiríonn an t-iarratasóir nach mbeidh gearán chuig na húdaráis agus/nó dul i muinín leigheasanna dlí sa Bhallstáit freagrach indéanta agus/nó nach mbeidh éifeacht acu sin?

(1) Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (IO 2013 L 180, lch. 31).

---

## Iarraidh ar réamhrialú ón Nejvyšší soud České republiky a taisceadh an 15 Meitheamh 2022 – EXTÉRIA, s.r.o. v Spravíme, s. r. o.

**(Cás C-393/22)**

(2022/C 359/36)

*Teanga an cháis: an tSeicis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Nejvyšší soud České republiky

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir*: EXTÉRIA, s.r.o.

*Cosantóir:* Spravíme, s. r. o.

### An cheist a tharchuirtear

An gcaithfear Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) Uimh 1215/2012 [1] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 12 Nollaig 2012, maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála a léirmhíniú sa chaoi go gcumhdaíonn coincheap "conradh soláthair seirbhíse" réamhchonradh (pactum de contrahendo) freisin ina bhfuil na páirtithe tar éis comhaontú a dhéanamh conradh a dhéanamh amach anseo, a bheadh ina chonradh soláthair seirbhíse de réir bhrí na forála sin?

(1) IO 2012 L 351, lch. 1.

---

## Iarraidh ar réamhrialú ón het hof van beroep te Antwerpen (an Bheilg) a taisceadh an 15 Meitheamh 2022 – Oilchart International NV v O.W. Bunker (an Ísiltír) BV, ING Bank NV

**(Cás C-394/22)**

(2022/C 359/37)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Hof van beroep te Antwerpen

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir*: Oilchart International NV

*Cosantóirí:* O.W. Bunker (an Ísiltír) BV, ING Bank NV